COLÁISTE CHEATHARLACH
NAOMH PÁDRAIG

CARLOW COLLEGE
ST. PATRICK'S

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

# 2023 – 2024 BLIAIN ACADÚIL

Oifig an Uachtaráin

## Clár Ábhar


Réamhrá ........ 3

Fís, Misean agus Luachanna ........ 3

Fís ........ 3

Ráiteas Misin ........ 3

Croí-Luachanna ........ 3

Forbairtí Eagraíochtúla ........ 5

Comhionannas, Éagsúlacht & Cuimsiú ........ 5

Mol Caidreamh Cathartha ........ 5

Forbairtí Acadúla ........ 6

Athbhreithniú Clár agus Athbhailíochtú ........ 6

Soláthar agus Forbairt Clár ........ 6

MA i Stair Réigiúnach na hÉireann ........ 7

Scoláireachtaí do Mhic Léinn ........ 7

Bronnadh ........ 7

Forbairtí i gComhair Foghlaimeoirí ........ 7

Tacaíochtaí do Mhic Léinn ........ 7

Beyond the Blue Door ........ 8

Sláinte Dhearfach Mheabhrach ........ 8

Clár Caidreamh Mac Léinn (NStEP) ........ 8

Céimithe ........ 9

Forbairtí sa Taighde ........ 9

Comhdhálacha ........ 9

Comhdháil Bhliantúil Líonra Éireann na hEolaíochta, Teicneolaíochta agus Leighis ........ 9

Comhpháirtíochtaí Domhanda i gcomhair Spriocanna Forbairte Inbhuanaithe ........ 9

Foilseacháin ........ 10

Leabhair agus irisí a cuireadh in eagar ........ 10

Caibidlí, Ailt, Aistí ........ 10

Léirmheasanna ........ 11

Blaganna Foirne / Podchraoltaí / Seónna Raidió nó Teilifíse ........ 11

Ceapacháin ........ 11

Sraith Léachtaí Poiblí ........ 12

Comhoibriú agus Ócáidí ........ 12

Coláiste Cheatharlach agus Oifig Fiontair Áitiúil Cheatharlach ........ 12

Coláiste Cheatharlach agus Comhairle Chontae Cheatharlach ........ 12

Entente Florale ... 12
Straitéis Infreastruchtúir Glas ... 13
Coláiste Cheatharlach agus Féile Ealaíon Cheatharlach ... 13
Coláiste Cheatharlach agus Bailiúchán Ealaíon Cheatharlach ... 13
Coláiste Cheatharlach agus Fóram Lucht Siúil Cheatharlach ... 13
Coláiste Cheatharlach agus Aicsean Rohingya Éire ... 13
Dámhachtainí Bliantúla Litríochta ... 13
An Tonight Show ar Virgin Media ... 14
Foróige ... 14
Feachtas Ask for Angela ... 14
Coláiste Cheatharlach agus SETU ... 14
Cumann Síceolaíochta na hÉireann ... 14
Lá Éigse Cheatharlach ... 15
Naisc le Meiriceá ... 15
Clár Jacks Start Abroad ... 15
Clár Blouin Scholars ... 15
Ollscoil Francis Marion, South Carolina ... 15
Rialachas ... 16
Ballraíocht an Bhoird Rialaithe ... 16
Fochoistí an Bhoird Rialaithe – Ballraíocht ... 17
Cruinnithe den Bhord Rialaithe ... 18
Comhairle Acadúil ... 18
Ballraíocht na Comhairle Acadúla 2023-2024 ... 18
Cruinnithe den Chomhairle Acadúil ... 19
An Bord Bainistíochta ... 19
Ballraíocht an Bhoird Bainistíochta 2023 – 2024 ... 20
Cruinnithe den Bhord Bainistíochta ... 20
Achtanna na dTeangacha Oifigiúla ... 20

**Réamhrá**

Coláiste tríú leibhéal is ea Coláiste Cheatharlach Naomh Pádraig arna mhaoiniú go díreach ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuála agus Eolaíochta. Is é an dara institiúid tríú leibhéal is sine in Éirinn é agus tá traidisiún saibhir oideachais aige ó bunaíodh é in 1782. Tá cáil luachmhar ar an gColáiste de bharr ardchaighdeán an oideachais aige, é bunaithe ar mhéideanna beaga na ranganna ann, dámh gafa taighde-ghníomhach, agus tacaíochtaí láidre acadúla dá mhic léinn. Faoi láthair tairgeann an Coláiste cláir céime a ghabhann leis na disciplíní agus réimsí, Litríocht Bhéarla, Stair, Fealsúnacht, Diagacht, Síceolaíocht, Cúram Sóisialta, agus Staidéar Sóisialta, Polaitiúil agus Pobail. Ag an leibhéal iarchéime, tairgtear Céim Ghairmiúlaithe Mháistir sa Cheannaireacht i gCúram Teiripeach Leanaí agus Cúram Sóisialta, MA agus Dioplóma i Stair Réigiúnach na hÉireann, Ard-Dioplóma san Iriseoireacht agus san Inneachar Nua Meáin, agus Ard-Dioplóma sa Pholaitíocht agus an tSochaí. Tá beagnach 70% dá Dhámh Acadúil cáilithe suas go dtí an leibhéal dochtúireachta. Is ionann is tuairim ar 600 an rollú mac léinn ann agus bíonn an Coláiste i gcónaí ag iarraidh cur leis an rollú mac léinn ina chuid clár go léir.

**Fís, Misean agus Luachanna**

## Fís

Déanfaidh Coláiste Cheatharlach Naomh Pádraig a chuid mac léinn a oiliúint, a ghabháil agus a spreagadh trí eispéiris bhunaithraitheacha foghlama agus múinteoireachta a chur ar fáil; cuirfidh sé ar chumas pobal éagsúil mac léinn agus céimithe a bpoitéinseal acadúil agus gairme a bhaint amach cuirfidh sé ar a gcumas rannchuidiú le forbairt eiticiúil na sochaí ag an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus domhanda.

## Ráiteas Misin

Agus iad ag gabháil i gcomhar lena chéile le fiontar an oideachais trí mhúineadh, foghlaim, socraíochtaí cleachta agus gníomhaíocht taighde, is luachmhar le Coláiste Cheatharlach Naomh Pádraig an sármhaitheas i ngach a dhéanann sé agus bíonn sé ag iarraidh freagairt chruthaitheach a thabhairt ar riachtanais athraitheacha na mac léinn, na bhfostóirí féideartha agus na sochaí.

## Croí-Luachanna

Is iad croí-luachanna Choláiste Cheatharlach Naomh Pádraig ná na prionsabail treorach aige agus tá siadsan tógtha ar an oidhreacht shaibhir atá againn mar institiúid Chaitliceach ardoideachais. Tá siad mar bhonn eolais againn agus sinn ar thóir an tsármhaithis sa mhúineadh agus sa bhfoghlaim. Áirítear ar eispéireas comhtháite foghlama an Choláiste teagasc fhoirmiúil an tseomra ranga, teagmháil chriticiúil le smaointe, agus machnamh ar na naisc idir teoiricí, an cleachtas gairmiúil agus eispéireas na beatha. Leis seo forbraítear cumas na mac léinn maidir leis an sármhaitheas acadúil, le ceannaireacht, leis an gceartas sóisialta, leis an bhforbairt ghairmiúil agus leis an léann.

Is iad croí-luachanna Choláiste Cheatharlach Naomh Pádraig ná:

- **Fírinne agus Ionracas**– Tá sé mar aidhm againn timpeallacht múinteoireachta agus foghlama faoi threoir an taighde agus de chineál idirdhisciplíneach a chruthú, timpeallacht lena spreagtar oscailteacht i leith smaointe nua agus i leith an mhachnaimh chriticiúil agus atá eiticiúil i ngníomh.

- **Urraim agus Ceartas**– Aithnímid éagsúlacht an phobail choláiste againn agus bímid ag iarraidh spiorad an chuimsithe, na comhurraime agus an chomhionannais deiseanna agus rochtana a chur chun cinn go gníomhach.

- **Comhoibriú agus Feasacht Shóisialta** – Creidimid gurb iad an comhoibriú agus an chomhpháirtíocht is fearr a rachaidh chun tairbhe d'fhorbairt eiticiúil pobail agus sochaithe áitiúla, náisiúnta agus domhanda trí dheiseanna a chruthú chun bheith ag oibriú i gcomhar lena chéile.

- **Cairdiúlacht agus Seirbhís** – Táimid tiomanta do thimpeallacht hospitable**,** student-centred a chothabháil lena n-aithnítear aistear foghlama gach aon mhic léinn aonair, agus forbairt phearsanta, sóisialta agus cultúrtha an mhic léinn sin á cur chun cinn, á hurramú agus á tacú.

- **Cruthaitheacht agus comhoibriú** – Creidimid gurb ionann an fhoghlaim agus bheith sásta glacadh le smaointe agus féidearthachtaí nua maidir leis an rud agus leis an mbealach a fhoghlaimímid araon; trí mheán an fhéin-mhachnaimh chriticiúil, agus trí mheán an chomhrá le daoine eile bímid ag súil le feabhas a chur ar an gcaighdeán i gcónaí.

# Forbairtí Eagraíochtúla

## Comhionannas, Éagsúlacht & Cuimsiú

Tá Coláiste Cheatharlach tiomanta don chomhionannas deiseanna a chur chun cinn agus do thimpeallacht a chothabháil ina mbíonn ómós d’éagsúlacht na foirne agus na mac léinn againn agus ina mbítear ag iarraidh spiorad an chuimsithe agus na comhurraime a chur chun cinn go gníomhach.

Mar chuid dá thiomantas don Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (CIC), chuir an Coláiste fáilte roimh Ionad Bairr Feabhais an Údaráis um Ardoideachas don Chomhionannas, Éagsúlacht & Cuimsiú ar ócáid shíniú Phrionsabail Frith-chiníochais an Údaráis i gcomhair Institiúidí Ardoideachais na hÉireann ag an gColáiste. Trína shíniú a chur leis na sé phrionsabal de réir mar a leagtar amach iad sa dhoiciméad, déanann an Coláiste tiomantas don chomhionannas ciníoch agus do ghníomhartha agus beartais fhrith-chiníocha a fhorbairt.

Tá an Coláiste i gcónaí ag cur ar aghaidh na n-aidhmeanna arna leagan amach ina Phlean Aicsin Athena Swan faoina mbeidh líon áirithe ócáidí á dtionól agus á gcomhordú ag Foireann CIC agus Mol Caidreamh Cathartha an Choláiste, ar a n-áireofar:

- Léacht don fhoireann agus do mhic léinn ar ‘Men and Mental Health’ chun Lá Idirnáisiúnta na bhFear a cheiliúradh;
- Ar Lá Idirnáisiúnta na mBan ceiliúrtar gnóthachtálacha sóisialta, geilleagracha, cultúrtha agus polaitiúla na mban. In ómós na hócáide tábhachtaí seo, d’óstáil Coláiste Cheatharlach i gcomhar le Delany Archive, taispeántas dar teideal *Elizabeth Corbet Yeats and the Cuala Press* agus d’óstáil sé freisin dhá chaint lenar léiríodh ábhar agus téamaí an taispeántais:
  - The Cuala Press, W.B. Yeats, and the Irish Revival
  - St Brigit: from the medieval to the modern.
- One Million Stars Taispeántas do Lá Idirnáisiúnta na Síochána in Éirinn i gcomhar le Amber Women’s Refuge

## Mol Caidreamh Cathartha

Tá Mol Caidreamh Cathartha bunaithe ag an gColáiste agus é d’aidhm aige spiorad na freagrachta cathartha a chothú agus chun éascú agus tacú leis an bhfoireann agus le mic léinn araon ina gcuid rannchuidithe leis na réimsí éagsúla den chaidreamh pobail.

Tionóladh Féile Caidreamh Cathartha an Choláiste i mbliana ó 8 – 19 Aibreán agus cuimsíodh inti sraith de léachtaí poiblí, tob-chainteanna, ceardlanna, comhdhálacha agus laethanta blaiste, iad go léir dírithe ar rannchuidithe ón bhfoireann agus ó mhic léinn leis an gcaidreamh pobail, ar a n-áirítear:

- Craoladh speisialta de *406 Days: The Debenhams Picket Line* arna óstáil ag léiritheoir de bhunadh Cheatharlach, Fergus Dowd.

- Chuir foireann agus mic léinn roinnt tob-chainteanna i láthair ar fud raon de thopaicí.
- Bhí iomaíocht mhaith ag an Dúshlán Fichille bliantúil idir foireann agus mic léinn.
- Thug léachtóir sa Diagacht ar cuairt, an Dr Frank Bosman as Ollscoil Tilburg léacht uaidh dar teideal *Disobedience as a Virtue: Fictional Robots and AIs as Anthropological Mirrors*.
- Turas eisiach thart ar an taispeántas is déanaí ag VISUAL *In The Roundness of Being* d'fhoireann agus mic léinn leis an ealaíontóir Éireannach, Eilis O'Connell.
- Rinne an Dr Derek Coyle, an Dr Crista de Brún agus an Dr Helena Walsh Carlow Poetry Writing Day a éascú, agus áiríodh ann ceardlanna agus léamha ó aoi-fhilí, Stephen Sexton agus Padraig Regan.
- Ag an gcomhdháil dhiagachta, *Theology, Technology and Human Flourishing*, cuireadh fáilte roimh cainteoirí, an Dr Scott Midson as Ollscoil Mhanchain, an Dr Cathriona Russell as Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus an Dr Frank Bosman as Ollscoil Tilburg. Ina measc siúd a bhí i láthair bhí scoláirí agus mic léinn taighde as gach roinn dhiagachta ollscoile in Éirinn.
- Garraíodóireacht agus Ceardlann Folláine
- Laethanta Blaiste Coláiste i gcomhair cúrsaí fochéime
- Maidin Caife do Chaidreamh Cathartha
- Ba é buaicphointe na seachtaine ceolchoirm amuigh faoin aer *Live on the Lawn* le banna Phort Laoise, *Transmitter,* a bhfuil an príomhamhranaí aige ina mhac léinn céim a 3 ar chlár Ealaíon agus Daonnachtaí an Choláiste.

## Forbairtí Acadúla

### Athbhreithniú Clár agus Athbhailíochtú

Bhain Coláiste Cheatharlach athbhailíochtú a dhámhachtainí amach ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) i Meitheamh 2024. Éilítear athbhailíochtú i gcás clár bailíochtaithe ar bith a raibh iallach ar oiriúnú nó éabhlóidiú i mbealach suntasach, mar shampla mar fhreagairt ar éilimh leathana tionscail nó dulta chun teicneolaíocha le déanaí.

Cuireadh in iúl don Choláiste i Meitheamh 2024 go raibh Coiste Feidhmiúcháin Chláir agus Dámhachtainí QQI ag faomhadh go foirmiúil gach clár a cuireadh faoi bhráid ar feadh chúig bliana eile.

### Soláthar agus Forbairt Clár

Thug Coláiste Cheatharlach isteach Clár nua 3-bliana BA (Onóracha) sa tSíceolaíocht i mbliain acadúil 2022-2023 agus chuir sé a iarratas ar chreidiúnú an chúrsa faoi bhráid Chumann Síceolaíochta Éireann (PSI).

Ar 25 Márta 2024, cuireadh in iúl don Choláiste go raibh creidiúnú PSI deonaithe ar feadh na tréimhse caighdeánaí chúig bliana. Éacht mhór é seo agus is dea-scéala é do gach mac léinn síceolaíochta.

## MA i Stair Réigiúnach na hÉireann

Bronnadh céimeanna ar an gcéad chohórt as an gclár MA i Stair Réigiúnach na hÉireann i gColáiste Cheatharlach. Tá an clár seo creidiúnaithe ag Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU) agus fuair céimithe a gcuid dámhachtainí ag searmanas bronnta céimeanna SETU ar 11 Eanáir 2024.

## Scoláireachtaí do Mhic Léinn

Bhronn Coláiste Cheatharlach 21 scoláireacht i mbliana in aitheantas do ghnóthachtálacha acadúla a mhac léinn céad bliana agus a mhac léinn leanúnacha. Ba as na contaetha seo na mic léinn a fuair na scoláireachtaí: Ceatharlach, Cill Chainnigh, Laois, Loch Garman, Cill Dara, Port Láirge, Corcaigh agus Dún na nGall.

Bronntar scoláireacht ar an mac léinn chéad bliana a bhaineann amach na pointí CAO is airde do gach aon chúrsa fochéime, nó i gcás mac léinn lánfhásta, an mac léinn a bhaineann amach na torthaí is airde i seimeastar a haon sa chéad bhliain. Ina theannta sin, bronntar scoláireachtaí forchéimnithe ar na mic léinn a bhfuil na gnóthachtálacha is mó acu as a measc siúd atá ag dul ar aghaidh go dtí an chéad bhliain eile i gcás gach aon chláir. Fuair na faighteoirí teastas agus scoláireacht airgid tirim dar luach €500.

## Bronnadh

Tionóladh Bronnadh bliantúil Choláiste Cheatharlach in Ardeaglais Cheatharlach ar 24 Samhain 2023. Ceiliúrtar ar an ócáid bhliantúil seo gnóthachtálacha chéimithe an Choláiste ar fad. I mbliana chuir Uachtarán an Choláiste fáilte roimh bheirt chéimí, Aisling Burke agus Donnchadh O'Mahony, a labhair ag searmanas na bliana seo.

I dteannta le bronnadh na ndámhachtainí, bronnadh líon áirithe duaiseanna agus dámhachtainí ar mhic léinn a bhí go sármhaith ina ndisciplíní féin.

# Forbairtí i gComhair Foghlaimeoirí

## Tacaíochtaí do Mhic Léinn

Tacaíonn Coláiste Cheatharlach le cruthú maith acadúil na bhfoghlaimeoirí trí acmhainní, seirbhísí gairmiúla agus tacaíochtaí éagsúla a chur ar fáil, a chuireann le heispéireas an fhoghlaimeora agus a chabhraíonn le foghlaimeoirí a spriocanna acadúla, a n-uaillmhianta gairmiúla agus a dtiomantais phearsanta a bhaint amach. Tá ról ríthábhachtach ag acmhainní agus tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí maidir le timpeallacht dhearfach, cineálta, oiliúnach a chothú lena dtacaítear le folláine agus comhtháthú grúpaí ilghnéitheacha foghlaimeoirí isteach i bpobal an Choláiste.

Tá raon comhtháite tacaíochtaí sa Choláiste atá ar fáil saor in aisce d'fhoghlaimeoirí mar atá, an Oifig Acmhainn Acadúil (seirbhísí don Mhíchumas, do Thacaíochtaí Foghlama agus don Fhorbairt Scríbhneoireachta); Seirbhís Gairmeacha; Seirbhís Séiplíneachta; Seirbhís

Comhairlithe, Seirbhís Sláinte, Seirbhísí Leabharlainne agus an tOifigeach Eolais agus Coimeádta Foghlaimeora.

Leis an tiomantas seo do bheith ag obair le chéile mar fhoireann chomhtháite, tacaítear le forbairt agus cothabháil timpeallacht fháilteach, ina mbíonn an foghlaimeoir lárnach agus ina n-aithnítear aistear pearsanta foghlama gach aon fhoghlaimeora agus béim ar an gcuimsiú, ar an gcomhurraim agus ar an gcomhionannas deiseanna agus rochtana. Chun tacú leis seo, cuireann an Coláiste ar fáil oiliúint leanúnach foirne i réimsí ar nós Feasacht ar an Néara-éagsúlacht, Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim, Foghlaim Dhigiteach bhreise mar aon le hacmhainní múinteoireachta agus foghlama don NHEA agus don uathachas. I mbliana d'fhorbair an Coláiste chomh maith tionscnaimh bhreise chun an bunús tacaíochtaí a leathnú e.g. tionscnamh Éicea-theiripe 'Cultivating Wellness'; Tionscadal Peer Body, ranganna ESL agus clinicí buail isteach.

### *Beyond the Blue Door*

I mbliana tugadh isteach sraith podchraoltaí dar teideal *Beyond the Blue Door* chun blaiseadh a thabhairt do mhic léinn ionchasacha, thuismitheoirí, agus comhairleoirí gairmthreorach dá bhfuil le fáil i gColáiste Cheatharlach. Labhraíonn agallaithe faoina n-aistear pearsanta chuig an tríú leibhéal, na cúrsaí a bhfuil á ndéanamh acu, tacaíochtaí do mhic léinn, gairmeacha amach anseo agus saol an mhic léinn i gColáiste Cheatharlach.

### *Sláinte Dhearfach Mheabhrach*

Tá an-rath i gcónaí ar thionscadal an Choláiste PAWS (Pet Away your Worries and Stress) i measc na foirne agus na mac léinn araon. Madra Teiripe cláraithe in Éirinn is ea an tOifigeach PAWS Alfie agus tá sé an-ghnóthach ag cur fáilte roimh fhoireann agus mic léinn sa bhfoirgneamh agus ag cur tús maith leis an lá. Tugann sé cuairt ar an bhFoirgneamh Acmhainne do Mhic Léinn dhá uair sa tseachtain agus bíonn sé in aice láimhe i gcónaí le linn na scrúduithe chun an imní agus an strus a bhíonn ar mhic léinn a laghdú.

Tairgeann an Coláiste Seirbhís Comhairlithe Mac Léinn do na foghlaimeoirí. Seirbhís shaor in aisce, gairmiúil faoi rún é seo atá ar fáil do na mic léinn cláraithe go léir idir fhochéimithe agus iarchéimithe. Cloíonn sé le cód daingean eitice agus le cleachtas eiticiúil de réir mar atá leagtha amach ag Comhairliú Síceolaíoch in Ardoideachas in Éirinn (PCHEI) agus Cumann Comhairlithe agus Síciteiripe na hÉireann (IACP).

Tá an chomhpháirtíocht 'Text CCSP to 50808' leis an HSE ann i gcónaí chun seirbhís tacaíochta téacs géarchéime lasmuigh de gháthuaireanta a sholáthar do mhic léinn. Tá naisc sheachtracha le gníomhaireachtaí seachtracha neartaithe chomh maith agus tá oiliúint bhreisithe curtha ar fáil don fhoireann i réimse na sláinte meabhrach agus sa réimse SafeTALK chun féinmharú a chosc.

### *Clár Caidreamh Mac Léinn (NStEP)*

Tá an Coláiste i gcónaí ina rannpháirtí i líonra rannpháirteach náisiúnta an IAO, é ag baint leasa as oiliúint d'ionadaithe ranga agus d'Oifigigh Aontais na Mac Léinn agus ag glacadh páirte i gcaidreamh le mic léinn agus i dtionscnaimh comhpháirtíochta le mic léinn.

## Céimithe

Ar 25 Lúnasa 2023, chuir an Coláiste fáilte roimh bhreis is 100 céimí agus aíonna as gach cearn d'Éirinn, an RA agus SAM ar ócáid an Chruinnithe Céimithe, ag ar tháinig raon éagsúil de chéimithe le chéile a bhain le tréimhse de 22 bliain de ranganna chun bualadh le chéile arís agus caidreamh a athnuachan.

Ghlac siad siúd a bhí i láthair páirt i gclár ócáidí ar ar áiríodh fáiltiú, nuashonrú straitéiseach Coláiste agus eochairaitheasc siamsúil ón Léachtóir i mBéarla agus Scríbhneoireacht Chruthaitheach, an Dr Derek Coyle, a rinne sult dóibh siúd a bhí i láthair le scéalaíocht maidir le Coláiste Cheatharlach thar na blianta.

# Forbairtí sa Taighde

Tá an Coláiste tiomanta do thacú leis an taighde in ailíniú le spéiseanna taighde, tosaíochtaí agus comhthéacs áitiúla, réigiúnacha agus AE agus lainseáil sé an Mol Taighde aige i Samhain 2018.

Cuireann an Mol Taighde chun cinn an taighde, na foilseacháin agus na hócáidí ar fad a bhíonn ag an bhfoireann. Tionóladh Seachtain Taighde bhliantúil an Choláiste ó 26 – 29 Feabhra 2024 agus cuimsíodh ann éagsúlacht ócáidí sna réimsí: Síciteiripe Chruthaitheach, Síceolaíocht, Litríocht an Bhéarla, Stair, Sláinte, Polaitíocht, Cúram Sóisialta agus Tuiscint ar an IS.

Bhí foireann Choláiste Cheatharlach le feiceáil go minic ar na meáin, thug siad léachtaí go poiblí sna réimsí saineolais acu agus ghlac siad páirt ina lán comhdhálacha i gcaitheamh na bliana.

## Comhdhálacha

### *Comhdháil Bhliantúil Líonra Éireann na hEolaíochta, Teicneolaíochta agus Leighis*

D'óstáil Coláiste Cheatharlach comhdháil bhliantúil Líonra Éireann na hEolaíochta, Teicneolaíochta agus Leighis ar 26 agus 27 Aibreán. An Dr Ida Milne, Léachtóir sa Stair i gColáiste Cheatharlach a d'eagraigh agus a bhí ina cathaoirleach ar an gcomhdháil agus cuireadh fáilte ann roimh daichead toscaire ón Sorbonne, Marseilles, Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Mhá Nuad, SETU, An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, Ollscoil Uladh, Ollscoil na Gaillimhe agus Ollscoil na Banríona Béal Feirste.

Bhí sé ar cheann de phríomhaidhmeanna na comhdhála stair ar ardchaighdeán na heolaíochta, na teicneolaíochta agus an leighis a thabhairt isteach sa réimse poiblí agus muintir na hÉireann a chur ar an eolas maidir le hoidhreacht shaibhir na hÉireann sna disciplíní seo. Áiríodh ar an gcomhdháil roinnt painéil éagsúla, cainteanna poiblí agus seisiúin C& F i rith na hócáide dhá lá seo.

### *Comhpháirtíochtaí Domhanda i gcomhair Spriocanna Forbairte Inbhuanaithe*

D'óstáil Coláiste Cheatharlach, i gcomhar le hOllscoil Francis Marion (Florence, South Carolina) siompóisiam aon-lá ar 31 Bealtaine 2024 dar teideal 'Global Partnerships for the SDGs'. Cíoradh ag an siompóisiam idirdhisciplíneach seo na gaolmhaireachtaí idir na

daonnachtaí agus na disciplíní eolaíochta sóisialta agus Spriocanna Forbairte Inbhuanaithe (SDGs) na Náisiún Aontaithe agus rinneadh imscrúdú ann ar an luach poitéinsiúil atá ag an gcreatlach SDG agus ag disciplíní na ndaonnachtaí agus disciplíní na n-eolaíochtaí sóisialta le tairiscint dá chéile. Bhí roinnt ionadaithe ann as disciplíní éagsúla sna Daonnachtaí sa dá institiúid araon, ar ar áiríodh an Dr John McHugh, an Dr Sarah Otten, agus an Dr Simon Workman as Coláiste Cheatharlach.

## Foilseacháin

### *Leabhair agus irisí a cuireadh in eagar*

- Callinan, Elaine agus Mel Farrell, *Vying for Victory: The 1923 General Election in the Irish Free State* (Baile Átha Cliath: Preas Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, 2023)
- Dawson, Elizabeth, *Lives and Afterlives: The Hiberno-Latin Patrician Tradition, 650-1100* (Turnhout: Brepols, 2024)
- Áine de Róiste, John McHugh, Aoife Prendergast, *Social Care Practice Placement: an Essential Guide* (Birdhill: Boru Press, 2024)
- Smith, Eoghan agus Simon Workman, ‘The rise of the phoenix: restoration and renaissance in contemporary Irish writing’, *Irish Studies Review* eagrán speisialta, 31.2 (Fómhar 2023)

### *Caibidlí, Ailt, Aistí*

- Coyle, Derek, ‘The Object Poem: Embodied Emotion and Idea in Eamon Grennan’s ‘Dublin-Poughkeepsie: Bread Knife in Exile’ and James Schuyler’s “To Frank O’Hara”’, i *The High Window* (Feabhra, 2024).
- Coyle, Derek, ‘The Power of Metaphor: Les Murray’s “Dog Fox Field” and John Montague’s “Between”’, i *The High Window* (Samhain, 2023).
- Galloway, James agus Margaret Murphy, ‘Food security and insecurity in medieval Irish towns’, sa *Journal of Medieval History*, 49.5 (Lúnasa 2023) 607–630.
- King, Clare, 'Why do Vloggers Vlog? Vlogging about Living with a Mental Health Difficulty’, *British Psychological Society Cyber Psychology Bulletin* (Márta 2024).
- McCarthy, Michael, 'Leaving care and aftercare', *An Introduction to Social Care*, arna chur in eagar ag Kevin Lalor, Perry Share, agus Teresa Brown (Baile Átha Cliath: An Foras Riaracháin, 2023)
- Murphy, Margaret (i gcomhar le Jim Galloway agus Michael Potterton), ‘Town and country in Ireland in the later Middle Ages, c.1170-c.1600’ i *Town and Country: Perspectives from the Irish Historic Towns Atlas*, arna chur in eagar ag Sarah Gearty agus Michael Potterton (Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann, 2023), 136-176.
- Murphy, Margaret agus Jim Galloway, ‘The early and late medieval historical context’ i *Places for the Living. Places for the Dead: Archaeological discoveries on the N25 New Ross Bypass*, arna chur in eagar ag James Eogan agus James Hession (Wordwell Press, 2024), lgh 91-108.
- Milne, Ida, 'Oral Histories of the Newspaper Industry' i *Visions of Labour and Class in Ireland and Europe*, arna chur in eagar ag Jack McGinley agus Noel Ward (Baile Átha Cliath: Cumann Stair Saothair na hÉireann, 2023).
- Milne, Ida, ‘West Cork History: “Difficult Things Happen in the Heat of War”’, *The Southern Star* (Lúnasa 2024).

- Smith, Eoghan agus Simon Workman, ‘Irish fiction 2008-2023: flourishing scene emerges from period of upheaval’, *The Irish Times* (Nollaig 2023).
- Stricker, Charles, Jin Mao, Sarah Cassidy, Dylan Colbert agus Bryan Roche, ‘A Relational Frame Theory: Based on Interventions for Improving Reading and Mathematical Competencies Among School Children’, sa *Journal of Behavioral Education* (Lúnasa 2024).
- Workman, Simon, 'To Ireland in the end times: figuring the future in contemporary Irish fiction', san *Irish Studies Review*, 31.3 (Fómhar 2023).

### *Léirmheasanna*

- Smith, Eoghan, ‘Luke Russell, Evil: A Very Short Introduction’, *Society*, 60 (Nollaig 2023), 1067–1070.

### *Blaganna Foirne / Podchraoltaí / Seónna Raidió nó Teilifíse*

- Michael Sherman, ‘Can’t Make It All Alone…’ Love and Hope in the Pogues (Noll 2023)
- Ida Milne, Why are we now seeing an ‘alarming rise’ in measles cases?, RTÉ Brainstorm (Feb 9, 2024) https://www.rte.ie/brainstorm/2024/0207/1430916-measles-outbreak-ireland-europe-vaccination-antibiotics/
- Noel Kavanagh, ‘The Philosophy of Friendship’, Would I Be Right in Saying That? Podchraoladh (Feabhra 2024)
- Sarah Otten, ‘Celebrating Sisterhood’, Would I Be Right in Saying That? Podchraoladh (Márta 2024)
- Elizabeth Dawson, St Brigit and the Beginnings of Irish History, Plé Painéil (Márta 2024)
- Noel Kavanagh, ‘Don’t Sweat the Small Stuff’, Would I Be Right in Saying That? Podchraoladh (Aibreán 2024).
- Miriam King, Shining a Light on Dark Personalities | Part One: Spotting the Sadist (Bealtaine 2024)
- Miriam King, Shining a Light on Dark Personalities | Part Two: Noticing the Narcissist (Bealtaine 2024)
- Miriam King, Shining a Light on Dark Personalities | Part Three: Meeting the Machiavellian (Meitheamh 2024)
- Miriam King, Shining a Light on Dark Personalities | Part Four: Pinpointing the Psychopath (Meitheamh 2024)
- Noel Kavanagh, ‘Instructions on Not Giving Up’, Would I Be Right in Saying That? Podchraoladh (Iúil 2024)
- Elaine Callinan, *Talking History*, Newstalk Radio (25 Lúnasa 2024)

### *Ceapacháin*

- Ceapadh an An Dr Eoghan Smith ina eagarthóir ar rannán an Irish Literature section den *Literary Encyclopaedia* (Meitheamh 2024)

### Sraith Léachtaí Poiblí

Leanadh ar aghaidh le Sraith Léachtaí Poiblí Choláiste Cheatharlach i rith na bliana acadúla seo agus tugadh léachtaí maidir leis na téamaí seo a leanas:

- 13 Samhain, lainse leabhair: *Vying for Victory: The 1923 General Election in the Irish Free State* arna chur in eagar ag an Dr Elaine Callinan, an Dr Mel Farrell agus an Dr Thomas Tormey (Preas Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, 2023)
- 22 Samhain, Clare King, Léachtóir sa tSíceolaíocht: 'Men and Mental Health'
- 22 Eanáir, an Dr Eoghan Smith, Léachtóir sa Bhéarla: 'How to write a novel'
- 12 Feabhra, an Dr Elizabeth Dawson, Léachtóir sa Stair: 'Lives and Afterlives: Reimagining St Patrick in Medieval Ireland'
- 15 Aibreán, Ollamh Meiriceánach ar Cuairt Valerie-Kern Lyons: 'Normalising Mental Health: Trends and Treatments in Higher Education – the US example'
- 22 Aibreán, an tOllamh Jude Lal Fernando, An Scoil Reiligiúin, Diagachta agus Staidéar Síochána, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus Léachtóir i gColáiste Cheatharlach: 'Resistance to Zionism and Freedom of Palestinians: Recovery of the Prophetic Tradition'

## Comhoibriú agus Ócáidí

### Coláiste Cheatharlach agus Oifig Fiontair Áitiúil Cheatharlach

Bhí áthas ar an gColáiste ócáidí Lá Gnó Chontae Cheatharlach 2023 a óstáil ar 20 Deireadh Fómhair 2023. Oifig Fiontair Áitiúil Cheatharlach a d'eagraigh an lá agus bhí sé déanta suas de dhá ócáid:

- Seimineár Bricfeasta ar ar áiríodh aitheasc ar *Inspiring Peak Performance* a thug Padraic Moyles, saineolaí a bhfuil cáil dhomhanda air maidir le buaicfheidhmiú foirne agus duine aonair a thógáil;
- Sárthaispeántas Tionscnaimh Gnó ar a raibh raon de chainteoirí painéil agus eochairaitheasc ó Pearce Flannery, bunaitheoir na heagraíochta Pragmatica a bhfuil an-cháil uirthi, comhairleacht ghnó cheannródaíoch a bhfuil cáil orthu mar gheall ar a gcláir oiliúna a bhfuil an-tionchar acu.

### Coláiste Cheatharlach agus Comhairle Chontae Cheatharlach

#### *Entente Florale*

Chuaigh Coláiste Cheatharlach i bpáirt le Comhairle Chontae Cheatharlach agus an iliomad páirtithe leasmhara eile in iarratas Cheatharlach ar an *Entente Florale Award.* Bhuail Uachtarán an Choláiste agus Larry O'Toole, Garraíodóir an Choláiste, leis na breithimh ar an lá agus thug siad ar turas ar fud champas an Choláiste iad.

Bhuaigh Ceatharlach an Dámhachtain Órga fhoriomlán, duais an Uachtaráin d'fhorbairt gairdín fearthainne an bhaile agus Duais Tréith Speisialta do na Gairdíní Delta Sensory i gCeatharlach rud is iontach mar ghnóthachtáil don bhaile agus do gach duine a bhí páirteach ina baint amach.

### *Straitéis Infreastruchtúir Glas*

Ar 2 Deireadh Fómhair 2023 chuir an Coláiste fáilte roimh Malcolm Noonan T.D., Aire Stáit don Nádúr, Oidhreacht agus Athchóiriú Toghchánach, i gcomhair lainse Straitéis Infreastruchtúir Glas Chontae Cheatharlach agus Gairdín Pailneoir Inchaite nua atá suite ar champas an Choláiste.

## Coláiste Cheatharlach agus Féile Ealaíon Cheatharlach

Bhí áthas ar an gColáiste bheith mar cheanncheathrú ag óstáil an 45ú Féile Ealaíon Cheatharlach. Féile ildisciplíneach ealaíon is ea an ócáid bhliantúil seo agus i mbliana cuireadh i láthair ann obair ó raon leathan foirmeacha ealaíona ar ar áiríodh rince, litríocht, sorcas, mórthaibhsiú, ceol, amharclann, cineama agus ealaíona físeacha.

## Coláiste Cheatharlach agus Bailiúchán Ealaíon Cheatharlach

Tá caidreamh comhoibríoch seanbhunaithe ag Coláiste Cheatharlach le Bailiúchán Ealaíon Cheatharlach. I mbliana d'óstáil an Coláiste ócáidí chun Oíche Chultúir a cheiliúradh i gcomhar le Bailiúchán Ealaíon Cheatharlach. Orthu seo bhí an suiteán dar teideal 'Birding The Future' – cuid den 'Barrow Valley Series' an saothar seo agus tá mar fhócas aige na 'héin dúchasacha' ó thimpeallacht na Bearú. Ba é an dara bailiúchán an 'Sculpture Night Exhibition' ar fhaichí tosaigh an Choláiste áit ar taispeánadh rogha dealbh as an mbailiúchán.

## Coláiste Cheatharlach agus Fóram Lucht Siúil Cheatharlach

Chuaigh mic léinn as Clár Staidéar Sóisialta Polaitiúil agus Pobail Coláiste Cheatharlach i bpáirt le Fóram Lucht Siúil Cheatharlach chun Lá Eitneachta an Lucht Siúil a cheiliúradh ar 1 Márta 2024. Bhí an comhoibriú seo le hIonad Seirbhíse Pobail Chaitríona mar chlár oibre chun an tuiscint a chruthú agus chun oidhreacht uathúil an Lucht Siúil a cheiliúradh. Faoi threoir Clifton Redmond, Scríbhneoir Cónaithe Pobail *Take A Part Carlow*, agus i gcomhar le baill de Fhóram Lucht Siúil Cheatharlach atá go gníomhach sa tionscadal ealaíona Crush On & Start Singing arna mhaoiniú ag Creative Ireland, thug na mic léinn faoi aistear ag plé téamaí saoránachta, ionaid, agus muintearais. Ní amháin go raibh an tionscnamh comhoibríoch seo mar shárthaispeántas de shaibhreas chultúr an Lucht Siúil ach chuir sé béim ar thábhacht an chuimsithe agus an mheasa chultúrtha laistigh den phobal.

## Coláiste Cheatharlach agus Aicsean Rohingya Éire

Óstálann an Coláiste i gcónaí an Lá Cuimhneacháin Rohingya gach bliain i gcomhar le Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach agus óstálann sé Carlow Cricket Club a d'athbhunaigh baill den phobal Rohingya in 2011.

## Dámhachtainí Bliantúla Litríochta

D'óstáil Coláiste Cheatharlach an dara ceann déag de na Dámhachtainí Bliantúla Litríochta agus Sárthaispeántas den Scríbhneoireacht Chruthaitheach aige i VISUAL ar 16 Aibreán 2024. Bhí cairde agus muintir, lucht foirne, mic léinn agus céimithe de Coláiste Cheatharlach i láthair ag ócáid tráthnóna a bhí siamsúil, spraoiúil chun tallann scríbhneoireachta na mac léinn a aithint le dámhachtainí a bronnadh ar an scríbhneoireacht ab fhearr sa phrós agus

san éigse le bliain anuas.  An file as Dún na nGall, Annemarie Ní Churreáin a bhronn na dámhachtainí na bliana seo.  An Dr Derek Coyle, Léachtóir sa Bhéarla agus sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach sa Choláiste a chomhordaíonn an ócáid agus téann mic léinn i dtaithí ar dhomhan na litríochta dá barr.

## An Tonight Show ar Virgin Media

Bhí áthas ar an gColáiste seó gnóthaí reatha Virgin Media TV *The Tonight Show* a óstáil ar an Luan, 22 Eanáir 2023.  Chuaigh an seó i ngleic le ceisteanna na hinimirce agus agóidí ar fud na tíre, agus feictear ann agallamh le Zahir Uddin, ball den phobal Rohingya áitiúil, maidir leis na deiseanna a tugadh dó féin agus dá mhuintir nuair a tháinig siad go Ceatharlach. Ina dhiaidh seo, tionóladh plé painéil i Leabharlann Cuimhneacháin P.J. Brophy sa Choláiste leis an gComhairleoir Adrienne Wallace (Dlúthpháirtíocht Pobal Seachas Brabús), céimí de chuid Choláiste Cheatharlach agus an Comhairleoir Brian O'Donoghue (Fine Gael) agus an Comhairleoir William Paton (Lucht Oibre).

Tháinig deireadh leis an gcraoladh le hagallamh le Leas-Uachtarán an Choláiste, an Dr Eric Derr, a labhair faoin ngá le comhrá agus plé urramach maidir le ceist na hinimirce.

## Foróige

I gcomhar le Foróige, d'óstáil an Coláiste breis is 50 mac léinn idirbhliana chun tabhairt faoi *Chlár Foróige Ceannaireacht i gcomhair an tSaoil.*  Tá sé mar aidhm ag an gclár seo daoine óga a chumasú chun difríocht dhearfach a bhaint amach sa phobal acu trí aicsean agus tionscadail phraiticiúla.  Thug mic léinn as Coláiste Naomh Leo, Gairmscoil na Buiríse, Coláiste Mhuire An Cnoc  Beag, Coláiste Tyndall, Gaelcholáiste Cheatharlach, Coláiste Lorcáin agus Coláiste Phort Laoise cúig lá ar an gcampas ag glacadh páirte sa chlár a sheachaid mic léinn agus lucht foirne as Coláiste Cheatharlach.

## Feachtas Ask for Angela

Bhí Coláiste Cheatharlach ina chomhpháirtí le Comhairle Chontae Cheatharlach, SETU, Gardaí agus Fíoncheannaithe áitiúla i gcomhair lainse Fheachtas 'Ask for Angela'. Lainseáladh an feachtas ag campas SETU i gCeatharlach agus tá tacaíocht aige ón bpobal ar fad.  Tá sé mar aidhm ag Coláiste Cheatharlach bheith ag obair le comhpháirtithe áitiúla chun ionad a chruthú i mbaile Cheatharlach ina mothóidh mic léinn sábháilte chun cónaí, dul ar cuairt, foghlaim, agus bheith i gcomhluadar lena chéile.

## Coláiste Cheatharlach agus SETU

Ó 2003 i leith, tá caidreamh tábhachtach comhoibríoch forbartha ag Coláiste Cheatharlach agus SETU le hinstitiúidí ardoideachais eile in Éirinn agus sa Stáit Aontaithe araon.

### *Cumann Síceolaíochta na hÉireann*

D'éascaigh an Dr Dylan Colbert, Léachtóir sa tSíceolaíocht i gColáiste Cheatharlach ceardlann, dar teideal 'Psychology's Horizons: Navigating the Expansive Field of Psychology', i gcomhair na Comhdhála do Chéimithe Nua ag Cumann Síceolaíochta na hÉireann ag SETU, Ceatharlach ar 14 Meán Fómhair.

### *Lá Éigse Cheatharlach*

I gcomhar le SETU agus mar chuid d'Fhéile Caidreamh Cathartha an Choláiste, d'óstáil an Coláiste Lá Éigse Cheatharlach ar 13 Aibreán 2024. Ghlac grúpa de scríbhneoirí ardaidhmeannacha as an Oirdheisceart ar fad páirt i lá de cheardlanna éigse arna n-éascú ag an Dr Derek Coyle (Coláiste Cheatharlach) agus an Dr Crista de Brún agus an Dr Helena Walsh (SETU), agus bhí ceardlanna agus léamha ann ó na haoi-fhilí, Stephen Sexton agus Padraig Regan.

## Naisc le Meiriceá

I gcaitheamh na bliana, bhí Coláiste Cheatharlach i gcónaí ag forbairt a chomhpháirtíochtaí le hinstitiúidí sna Stáit Aontaithe.

*Téarma an Fhómhair 2023*: Chuir an Coláiste fáilte roimh mhic léinn as Ollscoil Stáit South Dakota, Cuibhreannas Illinois do Staidéir agus Cláir Idirnáisiúnta agus Ollscoil Francis Marion i South Carolina mar chuid de chlár staidéir thar lear do sheimeastar an fhómhair 2023.

*Téarma an Earraigh 2024:* Áiríodh i measc na mac léinn agus baill dáimhe as comhpháirtithe éagsúla Meiriceánacha do théarma an Earraigh 2024 Ollscoil Stáit South Dakota, Coláiste Cheatharlach i Pittsburgh, Ollscoil Francis Marion agus an Cuibhreannas Illinois do Staidéir agus Cláir Idirnáisiúnta. Méadaíodh an líon sin le baill dáimhe as Ollscoil Stáit South Dakota agus Coláiste Pobail Sauk Valley go dtí go raibh an cohórt staidéir thar lear ba mhó ann ó bunaíodh an clár in 2003.

Bhí mac léinn ag Coláiste Cheatharlach chomh maith a bhí ag staidéar thar lear ag Ollscoil Francis Marion do Théarma an Earraigh 2024 agus fuair an mac léinn seo chomh maith dámhachtain an Choláiste *Bishop James Davis Travel Prize*.

### *Clár Jacks Start Abroad*

I Lúnasa 2024 chuir an Coláiste an cohórt bliantúil mac léinn ó Ollscoil Stáit South Dakota (SDSU) dá Chlár Jacks Start Abroad ag Coláiste Cheatharlach. Tugann an clár SDSU seo deis do mhic léinn na chéad bliana chun ullmhú d'obair ag leibhéal coláiste agus tús a chur le haistear i dtreo sárchaighdeán acadúil agus inniúlacht idirchultúrtha. Seachadtar an clár i gcomhar le SETU.

### *Clár Blouin Scholars*

Cuireadh fáilte roimh mhic léinn agus baill dáimhe as Clár Blouin Scholars ag Ollscoil Walsh Ohio go Coláiste Cheatharlach i Meitheamh 2024. Leis an gclár seo tugtar deis uathúil do mhic léinn bheith ina chuid de phobal atá tiomanta do dhul i ngleic le ceisteanna ceartas sóisialta laistigh dár bpobail áitiúla agus domhanda.

Coláiste Talmhaíochta, Bia agus Acmhainní Nádúrtha: I mBealtaine 2024, chuir Coláiste Cheatharlach fáilte roimh mhic léinn agus baill dáimhe as Coláiste Talmhaíochta, Bia agus Acmhainní Nádúrtha as Ollscoil Missouri dá chlár bliantúil.

### *Ollscoil Francis Marion, South Carolina*

Ar 31 Bealtaine, reáchtáil Coláiste Cheatharlach agus a chomhpháirtithe as SAM, Ollscoil Francis Marion comhshiompóisiam ar líne dar teideal 'Global Partnerships for the SDGs'. Ba dheis an siompóisiam idirdhisciplíneach seo chun na gaolmhaireachtaí idir disciplíní na

nDaonnachtaí agus na hEolaíochta Sóisialta agus Spriocanna Forbairte Inbhuanaithe (SDGs) na Náisiún Aontaithe a chíoradh agus chun imscrúdú a dhéanamh ar an luach poitéinsiúil atá ag an gcreatlach SDG agus ag disciplíní na ndaonnachtaí agus disciplíní na n-eolaíochtaí sóisialta le tairiscint dá chéile. D'éascaigh ionadaithe as disciplíní éagsúla sna Daonnachtaí an ócáid a raibh breis is 40 ball foirne i láthair ann as an dá institiúid araon.

Athnuadh chomh maith an Meamram Tuisceana le hOllscoil Francis Marion in Aibreán 2024.

# Rialachas

## Ballraíocht an Bhoird Rialaithe

| | |
|---|---|
| **Cathaoirleach** | An tEaspag Denis Nulty |
| **Rúnaí** | An tAth Conn Ó Maoldhomhnaigh, Uachtarán an Choláiste |
| **Rialtóirí:** | |
| An tEaspag Denis Nulty | Easpag Dheoise Chill Dara agus Leithghlinne (Cathaoirleach) |
| An tUas Caitlín Mhic Chárthaigh | Iar-Phríomhoide, Gaelcholáiste, Ceatharlach (Leas- Chathaoirleach) |
| An Moinsíneoir John Byrne SP | Paróiste Phort Laoise, Deoise Chill Dara agus Leithghlinne |
| An tUas Peter Carey | Iar-Phríomhfheidhmeannach, Comhairle Chontae Chill Dara (Ceaptha 1 Nollaig 2023) |
| An tUas Pat Deering | Iar-TD Toghcheantar Cheatharlach-Chill Chainnigh |
| An tUas Rachel Doyle | Bunaitheoir agus Stiúrthóir Bainistíochta, Arboretum Home and Garden Centres (Ceaptha 11 Eanáir 2024) |
| An tUas Colin Duggan | Ard-Bhainisteoir, Woodford Dolmen Hotel (Ceaptha 1 Nollaig 2023) |
| An tAth John Dunphy | Paróiste na Gráige/ Chill Uisean SP, Deoise Chill Dara agus Leithghlinne |
| An tUas Michael Kelly | Iar-Phríomhfheidhmeannach, Bord Fiontair Chontae Cheatharlach |
| An tUas Helen Maher | LU do Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, Ollscoil na Gaillimhe |
| An Dr Martin Mansergh | Iar-TD agus Aire Stáit; Comhairleoir ag Taoisigh maidir le T. Éireann (Téarma dulta in éag 30 Samh 2023) |
| An tUas Michael Moriarty | Iar-Uachtarán, Cónaidhm Eorpach na bhFostóirí Oideachais agus iar-Ard-Rúnaí, Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann |

| | |
|---|---|
| An Teachta Jennifer Murnane O'Connor TD | TD Toghcheantar Cheatharlach-Chill Chainnigh |
| An tUas Bernie O'Brien | Iar-Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Chontae Cheatharlach |
| An tUas Bernadette Ward | Iar-Stiúrthóir Acmhainní Daonna, Procter & Gamble (Ceaptha 11 Eanáir 2024) |

### Ceart Bheith i Láthair

| | |
|---|---|
| An tAth Conn Ó Maoldhomhnaigh | Uachtarán an Choláiste *(Ex Officio)* (Rúnaí an Bhoird Rialaithe) |
| An Moinsíneoir John McEvoy | Leas-Uachtarán an Choláiste *(Ex Officio)* |
| An Dr Eric Derr | Leas-Uachtarán an Choláiste *(Ex Officio)* |
| An Dr Thomas Mc Grath | Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla agus Cláraitheoir *(Ex Officio)* |
| An Dr Margaret Murphy | Cláraitheoir Cúnta do Ghnóthaí Acadúla |
| An tUas Craig McLoughlin Burke | Uachtarán Aontas na Mac Léinn *(Ex Officio)* |

### Ionadaithe Foirne Tofa

| | |
|---|---|
| An Dr Derek Coyle | Ionadaí na Foirne Acadúla (Téarma Dulta in Éag 30 Samhain 2023) |
| An tUas Michael Sherman | Ionadaí na Foirne Acadúla (Ceaptha 1 Nollaig 2023) |
| An tUas Helen Whelan | Ionadaí na Foirne Gairmiúla & Tacaíochta (Téarma Dulta in Éag 30 Samhain 2023) |
| An tUas Sabrina Hurley | Ionadaí na Foirne Gairmiúla & Tacaíochta (Ceaptha 1 Nollaig 2023) |

### *Fochoistí an Bhoird Rialaithe – Ballraíocht*

| Coiste Acadúil | Coiste Airgeadais |
|---|---|
| An Dr Margaret Murphy, Cathaoirleach | An tAth John McEvoy, Cathaoirleach |
| An Dr Thomas Mc Grath, Rúnaí | An tUas Bernie O'Brien, Rúnaí |
| An Dr Derek Coyle (Go dtí 30 Samh 2023) | An Moinsíneoir John Byrne |
| An Dr Helen Maher | An tUas Rachel Doyle |
| An Dr Martin Mansergh (Go dtí 30 Samh 2023) | An tUas Michael Moriarty |
| An tUas Craig McLoughlin Burke | An tUas Brian Barry, Stiúrthóir Oibríochtaí |

| Coiste Éitis, Físe & Misin | Coiste Iniúchta |
|---|---|
| An Dr Derek Coyle, Cathaoirleach (Go dtí 30 Samh 2023) | An tUas Michael Kelly, Cathaoirleach |
| An tUas Michael Sherman, Cathaoirleach (Ó 1 Noll 2023) | An tUas Helen Whelan, Rúnaí (Go dtí 30 Samh 2023) |
| An tUas Bernie O'Brien, Rúnaí | An tUas Sabrina Hurley, Rúnaí (Ó 1 Noll 2023) |
| An tAth John Dunphy | An tUas Caitlín Mhic Chárthaigh |
| An Dr Helen Maher | An tUas Peter Carey |
| An Teachta Jennifer Murnane O'Connor TD | An tUas Pat Deering |
| | An tUas Colin Duggan |
| | An Dr Martin Mansergh (Go dtí 30 Samh 2023) |
| | An tUas John O'Shea FCPA (Ainmní Seachtrach) |

### *Cruinnithe den Bhord Rialaithe*

Tháinig an Bord Rialaithe le chéile ceithre uaire sa Bhliain Acadúil 2023-2024 –

| | | | |
|---|---|---|---|
| 28 Meán Fómhair 2023 | 30 Samhain 2023 | 22 Feabhra 2024 | 30 Bealtaine 2024 |

## Comhairle Acadúil

Tá an Chomhairle Acadúil freagrach as rialachas agus bainistiú gnóthaí acadúla agus is é an príomhchomhlacht cinnteoireachta i leith cúrsaí acadúla ar fad ag Coláiste Cheatharlach. Cuireann sé ar bun an chreatlach rialachais acadúil agus maoirsíonn sé bunú, cothabháil agus forbairt beartas dearbhaithe cáilíochta agus gnásanna do na cláir oideachais ar fad sa Choláiste.

### *Ballraíocht na Comhairle Acadúla 2023-2024*

| | |
|---|---|
| An tAth Conn Ó Maoldhomhnaigh | Uachtarán an Choláiste (*Ex Officio*)) |
| An Moinsíneoir John McEvoy | Leas-Uachtarán an Choláiste (*Ex Officio*) |
| An Dr Eric Derr | Leas-Uachtarán an Choláiste (*Ex Officio*) |
| An Dr Thomas Mc Grath | Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla agus Cláraitheoir (*Ex Officio*) |
| An Dr Margaret Murphy | Cláraitheoir Cúnta do Ghnóthaí Acadúla (*Ex Officio*) |
| An Dr Penny Humby | Ceannaire ar Sheachadadh Acadúil agus ar Chláir *(Ex Officio)* |
| An Dr Sarah Otten | Stiúrthóir Clár, Ealaíona agus Daonnachtaí *(Ex Officio)* |
| An Dr Simon Workman | Stiúrthóir Clár, Béarla agus Stair (*Ex Officio*) |

| | |
|---|---|
| An Dr John McHugh | Stiúrthóir Clár, Staidéar Sóisialta Feidhmeacha (Cúram Sóisialta Gairmiúil) (*Ex Officio*) |
| An tUas Stephanie Hanlon | Stiúrthóir Clár, Staidéar Sóisialta Polaitiúil & Pobail (*Ex Officio*) |
| An tUas Candice Condon | Stiúrthóir Clár, Ceannaireacht sa Chúram Teiripeach Leanaí agus Cúram Sóisialta (M.A.) (*Ex Officio*) |
| An Dr Elaine Callinan | Stiúrthóir Clár, Céim Mháistir i Stair Réigiúnach na hÉireann (*Ex Officio*) |
| An Dr Margaret Murphy | Cathaoirleach ar an gCoiste Foghlama, Múinteoireachta agus Measúnaithe (*Ex Officio*) |
| An Dr Eoghan Smith | Cathaoirleach ar an gCoiste Forbartha Straitéisí (*Ex Officio*) |
| An Dr Lisa Fortune | Ceannaire ar Sheirbhísí Mac Léinn (*Ex Officio*) |
| An Dr Eric Derr | Ceannaire ar an Dearbhú Cáilíochta (*Ex Officio*) |
| An tUas Keith Baxter | Bainisteoir TF agus Córas Mac Léinn (*Ex Officio*) |
| An tUas Dorothy Brennan | Ionadaí Leabharlainne (*Ex Officio*) |
| An Dr Ida Milne | Ionadaí Tofa Foirne (Acadúil) |
| An tUas Michael Sherman | Ionadaí Tofa Foirne (Acadúil) |
| An tUas Michelle Daly | Ionadaí Tofa Foirne (Foireann Ghairmiúil/Tacaíochta) |
| An tUas Craig McLoughlin Burke | Uachtarán Aontas na Mac Léinn (*Ex Officio*) |
| An tUas Peter Freeman | Leas-Uachtarán Aontas na Mac Léinn i gcomhair Oideachais & Cumarsáidí (*Ex Officio*) |

### *Cruinnithe den Chomhairle Acadúil*

Tháinig an Chomhairle Acadúil le chéile aon uair déag i rith na bliana ar na dátaí seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| 30 Lúnasa 2023 | 4 Deireadh Fómhair 2023 | 15 Samhain 2023 |
| 13 Nollaig 2023 | 24 Eanáir 2024 | 7 Feabhra 2024 |
| 20 Márta 2024 | 17 Aibreán 2024 | 8 Bealtaine 2024 |
| 22 Bealtaine 2024 | 20 Meitheamh 2024 | |

## An Bord Bainistíochta

Cuidíonn an Bord Bainistíochta leis an Uachtarán chun comhtháthú foriomlán, bainistiú comhleanúnach agus comhordú agus seachadadh éifeachtach chláir an Choláiste a mhaoirsiú. Tacaíonn an Bord Bainistíochta leis an Uachtarán chun spiorad sainiúil an Choláiste a fhorbairt i gcomhréir lena éiteas Caitliceach agus i gcur chun cinn an léinn agus an tsárfheabhais acadúil, an taighde, agus an chaidrimh leis an earnáil oideachasúil. I mbainistiú an Choláiste ó lá go lá, déanann an Bord Bainistíochta cinntí de réir reachtaíochta cuí Stáit, agus de réir beartas agus gnásanna mar atá siad leagtha amach ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus ag an Údarás um Ardoideachas (HEA). Tá freagracht ar Uachtarán an Choláiste, mar Chathaoirleach ar an mBord, as obair an Bhoird Bhainistíochta a threorú agus a chomhordú.

### *Ballraíocht an Bhoird Bainistíochta 2023 – 2024*

| | |
|---|---|
| An Ath Conn Ó Maoldhomhnaigh | Uachtarán an Choláiste *(Ex Officio)* |
| An tUas Brian Barry | Stiúrthóir Oibríochtaí (*Ex Officio*) |
| An tUas Keith Baxter | Ceannaire Teicneolaíochta (*Ex Officio*) |
| An tUas Jill Colston | Ceannaire Acmhainní Daonna agus CEC (*Ex Officio*) |
| An Dr Eric Derr | Leas-Uachtarán an Choláiste /Ceannaire Dearbhú Cáilíochta agus Cláir Idirnáisiúnta (*Ex Officio*) |
| An tUas Lisa Fortune | Ceannaire Seirbhísí Mac Léinn (*Ex Officio*) |
| An Dr Penny Humby | Ceannaire ar Sheachadadh Acadúil agus ar Chláir *(Ex Officio)* |
| An tAth John McEvoy | Leas-Uachtarán an Choláiste *(Ex Officio)* |
| An Dr Thomas Mc Grath | Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla agus Cláraitheoir (*Ex Officio*) |
| An tUas Craig McLoughlin Burke | Uachtarán Aontas na Mac Léinn (*Ex Officio*), tofa gach bliain ag comhlacht na mac léinn |
| An Dr Margaret Murphy | Cláraitheoir Cúnta do Ghnóthaí Acadúla (*Ex Officio*) |
| An Dr Sarah Otten | Ionadaí Ceardchumainn, (*Ex Officio*) tofa ag Aontas an Choláiste |

### *Cruinnithe den Bhord Bainistíochta*

Tháinig an Bord Bainistíochta le chéile cúig huaire déag i rith na bliana ar na dátaí seo a leanas:

| | | | |
|---|---|---|---|
| 23 Lúnasa 2023 | 13 Meán Fómhair 2023 | 18 Deireadh Fómhair 2023 | 23 Deireadh Fómhair 2023 |
| 8 Samhain 2023 | 29 Samhain 2023 | 17 Eanáir 2024 | 7 Feabhra 2024 |
| 21 Feabhra 2024 | 13 Márta 2024 | 17 Aibreán 2024 | 8 Bealtaine 2024 |
| 15 Bealtaine 2024 | 5 Meitheamh 2024 | 26 Meitheamh 2024 | |

## Achtanna na dTeangacha Oifigiúla

Admhaíonn Coláiste Cheatharlach a oibleagáidí faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla. Tá an Coláiste tar éis tabhairt faoi roinnt athruithe chun na hoibleagáidí seo a shásamh, ar a n-áirítear ceapadh bainisteoir sinsearach chun feidhmíocht an Choláiste a mhaoirsiú agus leasúcháin chuí ar stáiseanóireacht, foirmeacha, fógraíocht agus comharthaíocht an Choláiste. Leanfaidh an Coláiste air ag obair chun a fhreagrachtaí a chomhlíonadh.

*********************************************